Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2026
(OR. en)

14949/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0334(NLE)

AELE 96
FL 55
ISL 64
N 96
MI 1068
ENER 699

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinní IV (Fuinneamh) agus XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
i gComhchoiste LEE
a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinní IV (Fuinneamh)
agus XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Is iomchuí Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV (Fuinneamh) agus XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

---

[2] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

[3] Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/92/CE, IO L 311, 17.11.2016, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1952/oj).

(5) Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinní IV agus (Fuinneamh) agus (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán